Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Feabhra 2020
(OR. en)

6035/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0027(NLE)

AVIATION 20
RELEX 116
CLIMA 29

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i ndáil le glacadh leasuithe ar roinnt iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago |

1. Ar an 12 Feabhra 2020, tharchuir an Coimisiún togra chuig an gComhairle le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar iarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Eitlíocht an togra thuasluaite ar an 13 Feabhra 2020. Chuir na toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad, ar an iomlán, leis an togra agus leis an seasamh a mhol an tAontas agus chuir siad a mbarúlacha in iúl. Ar an mbonn sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht na téacsanna comhréitigh mar a leagtar amach iad in 6001/20 (arna leasú ag na dlítheangeolaithe) agus in 6180/20.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir a dhaingnithe ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an cinneadh a ghlacadh mar a leagtar amach in 6001/20 é agus tacú leis an seasamh a mholtar don Aontas atá in 6180/20 ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo, ionas go bhféadfar é a úsáid mar bhonn d'idirghabhálacha ionadaithe Bhallstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO ag na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

4. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin gCinneadh ón gComhairle a luaithe a ghlacfar é.